



# Eleathanach 375



Dé Luain, an 1 Márta, 2021

## Éire ag Léamh

Déardaoin seo caite, an 25 Feabhra, bhí lá náisiúnta léitheoireachta sa tír. Ba smaoineamh é chun aoibhneas na léitheoireachta a scaipeadh. Rinne daoine gealltanais go mbeadh siad ag léamh ar an lá.

Bhí a lán ambasadóirí ag an bhfeachtas seo, ina measc, bhí Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn, agus múinteoir Ray ó RTÉ Home School Hub.

Tá an léitheoireacht an-tábhachtach agus bíonn sé go maith rud a thaitníonn leat a dhéanamh. Déardaoin, gheall pobal na hÉireann 823, 112 nóiméad ag léamh le chéile.

Smaoinigh ar ghealltanais a dhéanamh go gcaithfidh tú am ag léamh gach seachtain.




## Ceadúnas tiomána le masc!

Tá cónaí ar Lesley Pilgrim i Sacramento sna Stáit Aontaithe. Le déanaí bhí uirthi ceadúnas tiomána nua a fháil. Bíonn ort ceadúnas tiomána a bheith agat le carr a thiomáint.

De bharr an choróinvíris, bhí masc uirthi nuair a bhí sí ag fanacht san oifig. Ansin, nuair a bhí siad chun a grianghraf a ghlacadh d'iarr an t-oifigeach uirthi a masc a bhaint, ach ní dhearna sí é sin tapa go leor! Bhí orthu grianghraf eile a ghlacadh nuair a bhí a masc bainte.

Bhí ionadh an domhain ar Lesley nuair a tháinig a ceadúnas sa phost. Bí an masc uirthi sa ghrianghraf ar a ceadúnas oifigiúil. Beidh uirthi ceann nua a fháil ach tá cead aici an ceann eile a choimeád!



## Ceadúnas tiomána samplach.



## Lesley Pilgrim ina masc!

## Dancing on Ice 2021

Bíonn *Dancing on Ice* ar siúl gach bliain. Bíonn daoine cáiliúla ag damhsa le damhsóirí gairmiúla, ach bíonn siad ar rinc oighir!

Gach seachtain, fágann an duine a fhaigheann an líon is lú pointí sa chomórtas. I mbliana, tharla seo thar ceithre seachtaine, ach chomh maith leis na daoine sin, d'fhág cúigear eile an comórtas.

Bhí triúr acu gortaithe agus bhí beirt ann a raibh coróinvíreas orthu. Ghlac siad sos ón gcomórtas an deireadh seachtaine seo caite ach bhí siad ar ais ar an teilifís Dé Domhnaigh!



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-  
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,  
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilchta & Gaelscoláochta

